## Cleamhairí Locha Riach

D'éirigh go hiontach le Cleamhairí Locha Riach seó pléisiúrtha a chur ar siúl le linn tréimhse na Nollag. Bhí taispeántas breá gaelach i mbliana acu go háirithe ina raibh damhsa de gach sórt ann; rince seit, ríleanna, jigeanna is damhsa ar an tsean nós. Bhí idir dhrámaíocht, amhránaíocht, scéalaíocht, siamsaíocht, craic is ceol sa taispeántas a léirigh siad.

Bhí an seó bunaithe ar nósanna na gCleamhairí agus dírithe ar nósanna a chur tús leis na traidisiúin ar fad: Scéalta ar an Dreoilín mar *'Rí na nÉan'*, amhráin, ceol is damhsaí bunaithe ar éanacha. Chuaigh na Cleamhairí ar camchuairt thart ar Otharlann Naomh Breandáin i mBaile Locha Riach agus ghlac siad páirt i bhFéile na gCleamhairí i gCnoc Breac, Co.na Gaillimhe, Nollaig na mBan. Ochtar déag a bhí páirteach leis na Cleamhairí i mbliana. Thug na moltóirí aitheantas ar leith do Tommy Moran as an damhsa ar an tsean nós a rinne sé ar bhairille. Tá iarratas faighte ag na Cleamhairí taispeántas eile a léiriú sa bhaile dóibh siúd a chaill an deis iad a fheiceáil thar thréimhse na Nollag. Is cosúil nach miste leo am breise a chur leis an fhéile!



*'Cleamhairí Locha Riach'* i mbun seó in Otharlann Naomh Breandáin i mBaile Locha Riach, Nollaig na mBan. Bhain idir fhoireann agus othair an-sult as an taispeántas uathu.



Tommy Moran ag damhsa ar an tsean-nós ar a bhosca in otharlann Naomh Breandáin le linn seó Cleamhairí Locha Riach, Nollaig na mBan. Thug moltóirí 'Féile na gCleamhairí' aitheantas speisialta do Tommy.